**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Thrádáil Idirnáisiúnta*

29.11.2023

# TUARASCÁIL MHISIN

tar éis na toscaireachta ad hoc chuig San Francisco, Stáit Aontaithe Mheiriceá, 30 Deireadh Fómhair - 1 Samhain 2023

An Coiste um Thrádáil Idirnáisiúnta

<u>Comhaltaí an mhisin:</u>

| | |
|---|---|
| Bernd Lange | (S&D) (Ceannaire an mhisin) |
| Elżbieta Katarzyna Łukacijewska | (PPE) |
| Inma Rodríguez-Piñero | (S&D) |
| Miapetra Kumpula-Natri | (S&D) |
| Marie-Pierre Vedrenne | (Renew) |

*Réamhrá*

Ba í seo an chéad chuairt riamh a thug an Coiste um Thrádáil Idirnáisiúnta (“INTA”) ar San Francisco agus ar Limistéar Chuan San Francisco. Tháinig sé sna sála ar na cuairteanna a tugadh roimhe sin ar Washington DC le linn an reachtais seo (i mí Feabhra 2020 agus i mí na Samhna 2021) a d’fhóin mar bhealach chun bualadh le hidirghabhálaithe a rinne ionadaíocht thar ceann an leibhéil chónaidhme. Díríodh an uair seo ar California mar an 5ú geilleagar is mó ar domhan, le cuideachtaí ceannródaíocha sna hearnálacha digiteacha, teicneolaíochta, airgeadais agus iompair.

Bhí an chuairt ar siúl go gairid tar éis Chruinniú Mullaigh an Aontais-SAM an 20 Deireadh Fómhair 2023 agus tháinig sí roimh chruinniú Cheannairí Chomhar Eacnamaíochta an Aigéin Chiúin agus na hÁise (APEC) a bhí ar siúl in San Francisco idir 11-17 Samhain 2023 inar tharla an cruinniú ardleibhéil idir Uachtarán na Stát Aontaithe, Biden agus Uachtarán Xi na Síne. Dá bhrí sin, deis thráthúil a bhí sa chuairt chun dul i ngleic leis an gcaidreamh idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe agus an tSín agus aghaidh a thabhairt ar na rioscaí agus ar na deiseanna atá i straitéis slándála eacnamaíche an Aontais.

Le linn na cuairte trí lá, chuaigh INTA i dteagmháil le gníomhaithe polaitiúla (Seanadóir Stáit California Scott Wiener agus comhairleoirí do Leifteanant-Ghobharnóir California) agus le príomhpháirtithe leasmhara eacnamaíocha (Apple, Tesla, Nvidia agus Mozilla, Calafort Oakland, chomh maith le Luasaire na Gearmáine a chuidíonn le gnólachtaí nuathionscanta Gearmánacha den chuid is mó) agus leis an saol acadúil maidir le peirspictíocht California i ndáil le caidreamh trádála agus infheistíochta trasatlantach, slándáil eacnamaíoch agus feidhmíocht na Comhairle Trádála agus Teicneolaíochta (TTC).

*An bealach a réiteach*

Ba léiriú maith iad na conclúidí ón gCruinniú Mullaigh idir an tAontas Eorpach agus na Stáit Aontaithe an 20 Deireadh Fómhair ar staid an chaidrimh idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe. Ag an gCruinniú Mullaigh, lean an tAontas agus na Stáit Aontaithe de bheith ar aon intinn maidir leis an ngeopholaitíocht, go háirithe maidir le cogadh foghach neamhdhleathach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Mar sin féin, toisc nach ann do chomhaontú maidir leis an dá phríomhsprioc insoláthartha trádála a bhí ag an gCruinniú Mullaigh — an Socrú Domhanda maidir le Cruach Inbhuanaithe agus na Comhaontuithe Mianraí Criticiúla — léiríodh cur chuige Rialtas na Stát Aontaithe atá fós den tuairim gur dliteanas toghcháin é oscailteacht trádála.

Tharla an chuairt freisin díreach tar éis stailc United Auto Workers [Oibrithe Gluaisteán Aontaithe] (UAW). Cuireadh tús leis na stailceanna an 15 Meán Fómhair 2023 (in aghaidh Ford, General Motors agus Stellantis) agus tháinig deireadh leo idir an 25 agus an 30 Deireadh Fómhair nuair a thángthas ar chomhaontuithe trialach chun freastal ar chuid mhór d’éilimh UAW go háirithe maidir le pá, ragobair agus sochair scoir.

Bhí seachtain thábhachtach ann maidir leis an Intleacht Shaorga ag an am céanna le cuairt choiste INTA freisin, a tharla i gcomhthráth le hord feidhmiúcháin an Uachtaráin Biden maidir leis an Intleacht Shaorga (IS), le Ráiteas Cheannairí G7 maidir le Próiseas Intleachta Saorga Hiroshima, chomh maith le Cruinniú Mullaigh Chomhdháil na hIntleachta Saorga, a tionóladh i Londain an 1 Samhain. Dá bhrí sin, bhí na saincheisteanna sin le feiceáil freisin i

gcomhrá INTA le hidirghabhálaithe ábhartha in California, go háirithe maidir le ról INTA i ndáil leis an TTC.

Tharla cuairt toscaireachta INTA beagnach i gcomhthráth le cuairt toscaireachta ITRE (an Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh). Chomhoibrigh agus chomhordaigh an dá choiste a gcláir go hiomlán roimh ré, agus eagraíodh dhá chruinniú i gcomhpháirt: le hArd-Chonsail ó na Ballstáit agus an chuairt ar Ollscoil Stanford. Leis an gcuairt a thug an coiste JURI (Gnóthaí Dlí) ar San Francisco le déanaí tugadh léargas cabhrach freisin maidir le hullmhú thoscaireacht INTA. Leis an gcuairt baineadh tairbhe freisin as an gcomhar le hoifig idirchaidrimh nuachruthaithe an Aontais in San Francisco a d’fhóin mar phointe teagmhála an-úsáideach agus mar ionad do chruinnithe.

***Cuntais achomair ar na cruinnithe***

Bhí dhá chruinniú dhéag ann le linn trí lá iomlána na cuairte. Bhí deis ag comhaltaí INTA bualadh le réimse éagsúil gníomhaithe: ó cheardchumainn go polaiteoirí, ón saol acadúil go geallsealbhóirí príobháideacha.

Bhí cruinniú cuimsitheach ag Toscaireacht INTA le cuideachtaí teicneolaíochta. Cuireadh tús leis an gcuairt le turas chuig monarchan Tesla in Fremont agus le plé beartais, áit a raibh malartú tuairimí idir na Comhaltaí agus an Straitéisí um Thrádáil Dhomhanda, Stiúrthóir um Beartas Poiblí agus Forbairt Ghnó na hEorpa, an Chomhairle Ghinearálta Chomhlach. In Cupertino, bhuail Comhaltaí le Leas-Uachtaráin Apple atá freagrach as Foinsiú agus Bainistiú Soláthair Dhomhanda agus as Maoin Intleachtúil. An lá céanna, bhuail siad le hionadaithe Nvidia, go háirithe Ceann an bheartais teicneolaíochta, Ceann Domhanda na Náisiún IS agus Ceann chaidreamh rialtas an Aontais. Rinne comhaltaí malartú freisin le Ceannaire Abhcóideachta na Stát Aontaithe d’Fhondúireacht Mozilla agus leis an bPríomhoifigeach Dlí ag Corparáid Mozilla. Chuala na Feisirí ó Luasaire na Gearmáine freisin faoi na dúshláin agus na deiseanna do ghnólachtaí nuathionscanta Eorpacha in Silicon Valley.

Áiríodh mar chuid den mhisean cuairt ar Chalafort Oakland mar cheannaire ar thrádáil idirnáisiúnta. Leag an bhainistíocht béim ar an gcaoi a gcuireann an t-aighneas idir SAM agus an tSín dúshláin nua roimh an gcalafort. Chuir siad i láthair freisin na hinfheistíochtaí iomadúla i mbonneagair chalafoirt a ghlasú,

Bhí deis ag na Feisirí freisin cuairt a thabhairt ar Ollscoil California, Berkeley, agus Ollscoil Stanford, atá i measc na n-institiúidí taighde agus teagaisc is mó ar domhan. Ba dheis é an cruinniú le taighdeoirí UC Berkeley, a bhaineann le ceardchumann UAW, chun plé a dhéanamh ar sceipteachas ceardchumann i leith na trádála idirnáisiúnta, ar thrádáil idir an tAontas agus SAM in earnáil na ngluaisteán, agus ar theacht chun cinn uathluchtóirí Síneacha mar ghníomhaithe iomaíocha i margadh na bhfeithiclí leictreacha atá ag dul i méid.

Bhí sé dúshlánach bualadh le polaiteoirí Cónaidhme agus Stáit California. D’éirigh leis an toscaireacht sa deireadh cruinniú a thionól le Seanadóir Stáit California Scott Wiener agus le Evan Reade, Comhairleoir Ghnóthaí Idirnáisiúnta le Leifteanant-Ghobharnóir California Kounalakis. Thug an dá chruinniú léargas úsáideach ar conas an caidreamh idir an tAontas agus California a chothú.

***Na príomh-shaincheisteanna***

Le linn na gcruinnithe, d'ardaigh INTA na saincheisteanna seo a leanas, ag léiriú sheasamh an choiste agus na Parlaiminte — d'aon ghuth.

(1) Straitéis Slándála Eacnamaíche an Aontais Eorpaigh

Ar cheann de na príomh-shaincheisteanna ar tugadh aghaidh orthu le linn na cuairte bhí an tslándáil eacnamaíoch, go háirithe i bhfianaise Straitéis Slándála Eacnamaíche na hEorpa a d'fhoilsigh an Coimisiún agus an tArdionadaí an 20 Meitheamh 2023. Moltar sa straitéis, i measc nithe eile, athbhreithniú a dhéanamh ar an Rialachán maidir le Scagadh ar Infheistíocht Dhíreach Choigríche, ar rialachán an Aontais maidir le rialú ar onnmhairiú ítimí dé-úsáide agus déanfar scrúdú inti ar na rioscaí slándála a d'fhéadfadh teacht as infheistíochtaí amach as an Aontas. Mar obair leantach ar an straitéis, d'eagraigh INTA éisteacht freisin maidir le slándáil eacnamaíoch le linn na seachtaine roimh an toscaireacht ina ndearnadh comparáid idir cur chuige SAM, cur chuige na Seapáine agus cur chuige na Téaváine i leith na slándála eacnamaíche. An 4 Deireadh Fómhair, d'eisigh an Coimisiún moltaí chuig na Ballstáit inar díríodh ar cheithre réimse teicneolaíochta a mheastar gur rídhócha go mbeidh na rioscaí is íogaire agus is láithrí ann a bhaineann le slándáil teicneolaíochta agus sceitheadh teicneolaíochta, arb iad seo a leanas na réimsí sin: ardteicneolaíochtaí leathsheoltóirí, teicneolaíochtaí na hintleachta saorga, teicneolaíochtaí candamacha agus biteicneolaíochtaí.

Bhí na malartuithe le cuideachtaí teicneolaíochta in California oiliúnach chun tuiscint a fháil ar mhéid an tionchair a bhí ag *Executive Order on Addressing United States Investments in Certain National Security Technologies and Products in Countries of Concern* [Ordú Feidhmiúcháin maidir le haghaidh a thabhairt ar Infheistíochtaí na Stát Aontaithe i dTeicneolaíochtaí agus Táirgí Slándála Náisiúnta Áirithe i dTíortha lena mbaineann] de chuid riarachán Biden agus an raibh sé sin tar éis dochar criticiúil, moilliú nó spreagadh a dhéanamh ar neamhthuilleamaíocht na Síne i dtáirgeadh teicneolaíochtaí den sórt sin agus ar an gcaoi a ndeachaigh sé i bhfeidhm ar chuideachtaí California atá ag brath go láidir ar an tSín as a slabhraí luacha agus as a gcuid díolachán. Chuir comhaltaí INTA a n-amhras in iúl maidir leis an úsáid sách solúbtha agus leathan a bhaintear as sainmhíniú SAM ar shlándáil náisiúnta, rud a chuimsíonn raon leathan earnálacha eacnamaíocha.

(2) Caidreamh déthaobhach eacnamaíoch/trádála agus feidhmiú TTC

Pléadh freisin feidhmíocht na Comhairle Trádála agus Teicneolaíochta mar fhóram chun dea-chleachtais a mhalartú agus chun comhoibriú maidir le cuir chuige rialála le linn na gcruinnithe uile. Tharla an chuairt i gcomhthráth le roinnt fógraí, a bhí ábhartha do TTC, go háirithe ord feidhmiúcháin an Uachtaráin Biden maidir leis an intleacht shaorga, Ráiteas Cheannairí G7 maidir le Próiseas IS Hiroshima, an Cruinniú Mullaigh maidir leis an Intleacht Shaorga i Londain agus an fógra go gcuirfeadh na Stáit Aontaithe deireadh lena dtacaíocht chun caibidlíocht a dhéanamh ar fhorálacha maidir le sreafaí sonraí, logánú sonraí agus cód foinseach faoi chuimsiú an Tionscnaimh Comhráitis maidir le ríomhthráchtáil, a pléadh ag beagnach gach cruinniú.

Bhí malartú tuairimí idir na comhaltaí maidir leis an gcaoi ar féidir leis an gComhairle Trádála agus Teicneolaíochta cuidiú leis an mbearna idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe a líonadh leis na malartuithe ag díriú go háirithe ar an intleacht shaorga, leathsheoltóirí, nascacht agus caighdeánú. Bhain na malartuithe freisin leis an tsaincheist ar cheart na

hearnálacha sin a rialáil ar leibhéal an stáit nó ar an leibhéal feidearálach sna Stáit Aontaithe agus ar an measúnú a rinne siad ar reachtaíocht atá beartaithe nó glactha ag an Aontas. Ghlac idirghabhálaithe go ginearálta leis nach leor cóid iompair neamhcheangailteacha chun an leibhéal leordhóthanach sábháilteachta agus coimircí maidir leis an intleacht shaorga a sholáthar. Leag roinnt páirtithe leasmhara béim ar na deacrachtaí a bhaineann leis an leibhéal ceart rochtana a fháil maidir leis an ullmhúchán agus na comhairliúcháin roimh chruinnithe TTC.

*Tionchar IRA*

Thug an toscaireacht léargas díreach freisin ar an tionchar a bhí ag Acht um Laghdú Boilscithe na Stát Aontaithe (IRA) ar gheilleagar California, thart ar bhliain amháin ó tháinig sé i bhfeidhm. Dheimhnigh na páirtithe leasmhara go bhfuil go leor dreasachtaí á gcur ar fáil ag IRA le haghaidh dícharbónú, mar shampla maidir le bonneagar calafoirt, ach deimhníodh leis an malartú freisin go raibh tionchar díreach ag IRA ar chinntí infheistíochta, mar shampla maidir le ceallraí leictreacha a tháirgeadh.

Ar an gcaoi chéanna, phléigh Comhaltaí INTA na hionchais maidir le rath na caibidlíochta idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe maidir leis an gComhaontú maidir le Mianraí Criticiúla lena gceadófaí go gcaithfí le monaróirí de chuid an Aontais faoi na coinníollacha céanna le monaróirí SAM faoi IRA. Chuir toscaireacht INTA béim ar an gcaoi gur rud é sin a chuideodh le cothrom na Féinne a bhaint amach idir táirgeoirí de chuid an Aontais agus táirgeoirí SAM agus deireadh a chur le cuid de ghnéithe idirdhealaitheacha IRA.

*Comhar Rialála an Aontais-California*

Ar an leibhéal polaitiúil, leag an toscaireacht béim ar an tábhacht a bhaineann le comhar rialála idir an tAontas agus California. Bhí an deis ag comhaltaí INTA béim a leagan ar leithead agus ar chomhleanúnachas an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus go háirithe ar an athchóiriú uaillmhianach ar Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais le síneadh a chur le ETS chuig muiriompar agus ETS nua ar leithligh le haghaidh foirgneamh agus iompar de bhóthar a chumhdach. Leag na Feisirí béim freisin ar an gcaoi ar cheart do thríú tíortha féachaint ar an Sásra Coigeartaithe Carbóin nua ar Theorainneacha a ghabhann leis an gCóras Trádála Astaíochtaí athchóirithe mar dhreasacht chun dícharbónú a dhéanamh agus beartais praghsála carbóin a ghlacadh ar an mbealach céanna a rinne California. Rinne na Feisirí malartú freisin, ar an leibhéal polaitiúil, maidir le cuir chuige reachtais California i leith rialacháin IS i gcomparáid le cur chuige an Aontais agus an bhfuil reachtaíocht ar leibhéal an stáit iomchuí in éagmais reachtaíocht ar leibhéal cónaidhme.

(3) Caidreamh Eacnamaíoch idir an tAontas Eorpach agus na Stáit Aontaithe agus an tSín

Tá slabhraí luacha do roinnt de na cuideachtaí California ar thug toscaireacht INTA cuairt orthu comhtháite go láidir leis an tSín. Leag na geallsealbhóirí béim ar a thábhachtaí atá sé plé cúramach a dhéanamh maidir le coincheapa amhail dí-rioscú agus díchúpláil. Chuir formhór na n-idirghabhálaithe i bhfios go láidir nach léir gur rogha inmharthana é díchúpláil ó gheilleagar na Síne i bhfianaise leibhéal ard idirspleáchais an dá gheilleagar. Deimhnítear sa phictiúr trádála, cé gur lean an t-easnamh trádála idir SAM agus an tSín in 2022 de bheith ag leathnú, gur lean onnmhairí na Stát Aontaithe chun na Síne agus allmhairí ón tSín araon de bheith ag fás ar feadh an tríú bliain as a chéile, ag téarnamh go láidir ó phointe íseal in 2020.

Fiú maidir leis an riosca a laghdú, chuir geallsealbhóirí i dtreis a thábhachtaí atá sé sainmhíniú soiléir cúng a bheith ann ar an gcoincheap chun bís frithbheart a sheachaint, agus i bhfianaise ghreim na Síne ar sholáthar amhábhar atá ríthábhachtach don aistriú glas agus digiteach. Thug na rannpháirtithe dá n-aire freisin go bhfuil méadú ar onnmhairí feithiclí ceallra-leictreacha ón tSín agus gur fhógair Uachtarán an Choimisiúin von der Leyen imscrúduithe frith-fhóirdheontais le linn a hAitheasc ar Staid an Aontais an 13 Meán Fómhair 2023. D'aithin rannpháirtithe iomaíochas na Síne san earnáil ardteicneolaíochta ó ghluaisteáin go leathsheoltóirí agus thug siad dá n-aire gur tharla sé sin trí thacaíocht láidir airgeadais phoiblí.

***Conclúidí agus obair leantach***

Thug an toscaireacht ad hoc seo, in ainneoin í a bheith ar siúl i dtreo dheireadh an reachtais, léargas tábhachtach ar smaointeoireacht California maidir le saincheisteanna atá an-ábhartha sa díospóireacht thrasatlantach trádála agus eacnamaíoch: slándáil eacnamaíoch, dí-riosca, comhar rialála maidir leis an earnáil dhigiteach, dícharbónú agus rialáil IS agus todhchaí na Comhairle Trádála agus Teicneolaíochta. D'fhóin an chuairt go háirithe chun dearcadh Washington ar na saincheisteanna sin a mhionchoigeartú, agus ionadaíocht á déanamh ag California ar stát atá in oiriúint níos mó d'íogaireachtaí Eorpacha ná an chuid eile.

Go háirithe, chuir an toscaireacht taithí phearsanta ar fáil maidir leis an tionchar ar chur i bhfeidhm rialú onnmhairiúcháin na Stát Aontaithe agus bearta scagtha amach, saincheisteanna a rachaidh i dteagmháil leis an bParlaimint agus le Coiste INTA go sonrach amach anseo, le foilsiú pacáiste slándála eacnamaíche a bhfuiltear ag súil leis don 24 Eanáir agus lena n-áirítear athbhreithniú ar an Rialachán maidir le Scagadh FDI agus ina dhiaidh sin páipéar bán maidir le rialuithe onnmhairiúcháin chomh maith le tionscnamh maidir le hinfheistíochtaí amach.

Thairis sin, rinne an toscaireacht machnamh ar na chéad saincheisteanna eile ar chlár oibre na Comhairle Trádála agus Teicneolaíochta.

A mhéid a bhaineann le hobair leantach:

- Leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar fhorbairtí sa chaidreamh trádála agus eacnamaíoch idir an tAontas agus SAM agus leas a bhaint as na léargais a fuarthas le linn na toscaireachta d'fhonn seasamh na Parlaiminte a fhorbairt maidir le caidreamh trádála trasatlantach, slándáil eacnamaíoch, rialuithe onnmhairiúcháin, agus scagadh infheistíochta;
- Leanúint de mhalartuithe maidir le trádáil thrasatlantach i gCoiste INTA, i nGrúpaí Faireacháin agus i seisiúin faisnéise teicniúla. Tuairiscíodh toradh na toscaireachta cheana féin le linn chruinniú INTA an 27-28 Samhain 2023 agus le linn roinnt Grúpaí Faireacháin de chuid na Stát Aontaithe a tionóladh tar éis na cuairte agus tar éis an Chruinnithe Mullaigh idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe;
- Grinnscrúdú daonlathach leanúnach a áirithiú ar an gComhairle Trádála agus Teicneolaíochta agus ar na meithleacha ina mbíonn an trádáil chun tosaigh agus cuireadh a thabhairt arís, roimh an gcéad chruinniú polaitiúil eile agus ina dhiaidh, do Chomhchathaoirligh an Aontais, do Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin Dombrovskis agus do Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin Vestager, tuairimí a mhalartú i gcomhar le Coistí eile na Parlaiminte a mbaineann a gcuid oibre grinnscrúdaithe le TTC; Ní mór a thabhairt faoi deara gur athraíodh roinnt uaireanta dáta an 5ú TTC atá le heagrú sna Stáit

Aontaithe agus táthar ag súil leis anois go luath in 2024. Tá sé d'aidhm ag Uachtaránacht na Beilge ar an gComhairle freisin cruinniú TTC a thionól sa chéad seimeastar de 2024. Is dócha go mbeidh an dá chruinniú TTC sin ar na cinn dheireanacha de 2024 i bhfianaise na dtoghchán Eorpach agus SAM atá ar na bacáin;

- Na teagmhálacha úsáideacha a bunaíodh le geallsealbhóirí in California a choinneáil ar bun tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:
  - leanúint d'fhorbairtí ábhartha a mhalartú le hoifig idirchaidrimh an Aontais in San Francisco agus le EPLO Washington go háirithe roimh agus tar éis chruinnithe TTC chomh maith le hArd-Chonsail na mBallstát in San Francisco;
  - cruinnithe a shocrú (go fisiciúil nó ar líne) le hidirghabhálaithe nach rabhthas in ann teacht le chéile leo le linn na cuairte seo, lena n-áirítear Seanadóirí Stáit, geallsealbhóirí, agus cuideachtaí Eorpacha atá lonnaithe i Stáit éagsúla (eagraíodh é seo cheana féin in aon chás amháin tar éis na toscaireachta do gheallsealbhóir ar leith nach raibh in ann bualadh leis an toscaireacht agus é in California).

Iarscríbhinn: Clár deiridh
Preaseisiúintí ó Pharlaimint na hEorpa a bhaineann le cuairt na toscaireachta

**CUAIRT AN**
**CHOISTE UM THRÁDÁIL IDIRNÁISIÚNTA (INTA)**
**CHUIG SAN FRANCISCO AGUS LIMISTÉAR CHUAN SAN FRANCISCO, 30 DEIREADH FÓMHAIR - 1 SAMHAIN 2023**

*CLÁR DEIRIDH*

| **Dé Luain - 30 Deireadh Fómhair 2023** | **San Francisco** |
|---|---|
| 09:00-11:30 | **Monarcha Tesla in Fremont - cruinniú agus turas timpeall na saoráide** |
| 13:00-14:00 | **Cruinniú le Comhairleoir Ghnóthaí Idirnáisiúnta le Leifteanant-Ghobharnóir California Kounalakis** |
| 14:00-14:45 | **Seisiún faisnéise ó Leas-Cheann de chuid Oifig an Aontais Eorpaigh in San Francisco** |
| 15:15-17:00 | **Cruinniú le hionadaithe Chalafort Oakland agus turas timpeall an chalafoirt agus cruinniú faisnéise** |
| 17:30-19:00 | **Cruinniú le hionadaithe United Auto Workers (UAW) agus cuairt ar shaotharlanna Ollscoil California, Berkeley** |

| **Dé Máirt - 31 Deireadh Fómhair 2023** | **San Francisco** |
|---|---|
| 08:00 – 09:00 | **Cruinniú Bhricfeasta le hArd-Chonsail na mBallstát** |
| 10:00-12:00 | **Cruinniú ag Apple agus turas ar na saoráidí** |
| 15:00-17:00 | **Cruinniú ag Nvidia** |

| **Dé Céadaoin - 1 Samhain** | **San Francisco** |
|---|---|
| 08:30-09:25 | **Fondúireacht Mozilla** |
| 09:45-10:30 | **Cruinniú le Seanadóir Calafornia Scott Wiener** |
| 11:30 - 13:15 | **Ollscoil Stanford - Cruinniú lóin agus cuairt ar an gCampas** |
| 13:30-14:30 | **Cruinniú le Luasaire na Gearmáine** |
| | **Deireadh na toscaireachta** |

## Toscaireacht trádála pharlaiminteach in San Francisco an tseachtain seo chugainn

**Preaseisiúintí**

INTA

25-10-2023 - 16:45

**Ón 30 Deireadh Fómhair go dtí an 1 Samhain, beidh toscaireacht de chúigear Feisirí ón gCoiste Trádála ag taisteal go San Francisco agus Limistéar Chuan San Francisco.**

Tá sé beartaithe ag na Feisirí cuairt a thabhairt ar shuíomh monaróirí gluaisteán, tabharfaidh siad cuairt freisin ar Chalafort Oakland agus buailfidh siad leis na húdaráis ansin. Tá reachtóirí ann freisin chun bualadh le hionadaithe ceardchumainn in Berkeley. Ina theannta sin, buailfidh na comhaltaí le gnólachtaí ardteicneolaíochta agus leathsheoltóirí agus beidh malartuithe acu in Ollscoil Stanford. Táthar ag súil freisin go mbeidh plé ag na Feisirí le toscaireacht ó Chomhaltaí Thionól California.

Is é Cathaoirleach an Choiste um Thrádáil Idirnáisiúnta (INTA), Bernd Lange (S&D, DE), a bheidh i gceannas ar an toscaireacht, agus beidh Elżbieta Katarzyna Łukacijewska (EPP, PL), Inma Rodríguez-Piñero (S&D, ES), Miapetra Kumpula-Natri (S&D, FI), Leas-Chathaoirleach na Toscaireachta um Chaidreamh leis na Stáit Aontaithe agus Marie-Pierre Vedrenne (Renew, FR), Leas-Chathaoirleach INTA ann freisin.

**Athfhriotal**

"Beidh an mionchoigeartú breise ar ár straitéis eacnamaíoch mar phríomhfhócas inár malartuithe in California. Cibé acu an bpléifimid leathsheoltóirí, déanamh carranna nó bonneagar criticiúil, ní mór dúinn a chinntiú go mbeidh aon srian a chuirimid ar thrádáil oscailte saincheaptha, teoranta agus éifeachtach. Is mian linn cloisteáil go díreach ó oibrithe, ó ghnólachtaí agus ó pholaiteoirí California faoin gcaoi a dtéann siad i ngleic lena straitéis eacnamaíoch agus faoin gcaoi ar cheart don Aontas, do na Stáit Aontaithe agus do thríú tíortha oibriú i gcomhar le chéile ina leith sin, bíodh muid ag caint faoi infheistíocht isteach nó amach nó rialuithe onnmhairiúcháin. Beidh an chuairt ríthábhachtach freisin chun malartú a dhéanamh ar rialáil an domhain dhigitigh, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an trádáil dhigiteach agus ar an gcaoi ar cheart an Chomhairle Trádála agus Teicneolaíochta a neartú tuilleadh chun na críche sin," a dúirt **Bernd Lange.**

**Cúlra**

Tá an caidreamh déthaobhach trádála agus infheistíochta is mó ar domhan ag an Aontas agus ag na Stáit Aontaithe. Le blianta beaga anuas, mhúnlaigh míshástachtaí caidreamh trádála, le déanaí An tAcht um Laghdú Boilscithe (IRA) agus bearta na Stát Aontaithe roimhe seo maidir le cruach agus alúmanam. In 2021, bunaíodh an Chomhairle Trádála agus Teicneolaíochta idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe chun comhordú a dhéanamh ar phríomh-shaincheisteanna domhanda trádála, eacnamaíocha agus teicneolaíochta, agus chun trádáil thrasatlantach agus caidreamh eacnamaíoch trasatlantach a dhoimhniú. Le linn an chruinnithe mullaigh idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe an 20 Deireadh Fómhair in Washington, chomhaontaigh an dá pháirtí leanúint leis an bplé, ach níor thángthas ar chomhaontú fós maidir le cruach agus

alúmanam ná níor thángthas ar aon dul chun cinn sa Chomhaontú maidir le Mianraí Criticiúla go dtí seo.

**Tuilleadh faisnéise**

- Rún maidir le tús a chur leis an gcaibidlíocht leis na Stáit Aontaithe maidir le slabhraí soláthair idirnáisiúnta mianraí criticiúla a neartú (18.10.2023)

- Cathaoirleach an Choiste Trádála: Tá an Pharlaimint ag súil le torthaí comhoiriúnacha EDT ag cruinniú mullaigh AE-SAM
- Rún ón bParlaimint maidir le todhchaí an chaidrimh idir an tAontas agus SAM
- Meitheal Mhachnaimh PE:Caidreamh Trasatlantach:na Stáit Aontaithe agus Ceanada
- Pacáiste ilmheán sa chaidreamh trádála idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe
- An Coiste um Thrádáil Idirnáisiúnta

Tagairt: 20231024IPR08208

## Cathaoirleach an Choiste Trádála: Tá an Pharlaimint ag súil le torthaí comhoiriúnacha EDT ag cruinniú mullaigh AE-SAM

**Preaseisiúintí**

INTA

18-10-2023 - 17:21

**Rinne cathaoirleach an choiste trádála Bernd Lange (S&D, an Ghearmáin) an ráiteas seo a leanas inniu roimh chruinniú mullaigh idir an tAontas agus SAM Dé hAoine in Washington DC.**

"Sa timpeallacht gheopholaitiúil thubaisteach seo, ní mór dúinn tuiscint a fháil ar an deis dheireanach, b'fhéidir, atá fágtha faoi riarachán reatha an Aontais agus na Stát Aontaithe chun réitigh a chur ar fáil ar mhíshástachtaí trádála atá fós gan réiteach. Mar sin féin, ba cheart dúinn an méid sin a dhéanamh agus muid ag fanacht dílis dár luachanna, dár rialacháin agus dár dtiomantas don chóras trádála idirnáisiúnta. Le **comhaontú maidir le mianraí criticiúla leis na Stáit Aontaithe**, bheadh cothrom iomaíochta ann agus thabharfaí deis do chuideachtaí atá bunaithe san Aontas páirt a ghlacadh i slabhraí soláthair na Stát Aontaithe chun ceallraí a tháirgeadh le haghaidh feithiclí leictreacha agus, ar an gcaoi sin, dhéanfaí cuid den damáiste a rinne an tAcht um Laghdú Boilscithe (IRA) a chealú. D'fhéadfadh comhaontú den sórt sin cabhrú linn dul i gcomhar le chéile chun feabhas a chur ar chosaint na gceart saothair inár slabhraí soláthair mianraí criticiúla. Mar sin féin, ní mór dó sin lánurraim a thabhairt do na rialacha agus do na sásraí iltaobhacha a d'fhorbair an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair, ár gcur chuige rialála féin, agus ní féidir leis sin tarlú ach i gcomhpháirtíocht lenár gcomhpháirtithe trádála.

D'fhéadfadh creat do **Shocrú Domhanda maidir le Cruach agus Alúmanam Inbhuanaithe (GSA)** a bheith mar phríomhghné insoláthartha eile. Ba cheart go mbeadh sé sin ina chéim idirmheánach i dtreo réiteach a chuirfeadh deireadh go buan le 232 taraifí neamhdhleathacha Trump agus le frithbhearta comhfhreagracha an Aontais. Thabharfadh sé sin faoiseamh agus deimhneacht dhlíthiúil do go leor earnálacha ar an dá thaobh den Atlantach a d'fhulaing go leor le blianta beaga anuas. Mar sin féin, níor cheart dúinn teacht ar chomhaontú ar aon chostas. Ar an gcéad dul síos, ba cheart go mbeadh aon chomhaontú go hiomlán comhoiriúnach le EDT. Ciallaíonn sé sin, má bhainimid úsáid as na hionstraimí cosanta trádála atá againn cheana chun dul i ngleic le ró-acmhainn neamh-mhargaidh, gur cheart go bhfanfadh siad sin bunaithe ar imscrúduithe oibiachtúla agus ní ar bhreithnithe polaitiúla. Níor cheart don Aontas teacht ar chomhaontú ar chor ar bith maidir le creat a bhainfeadh an bonn den Eagraíocht Dhomhanda Trádála, a lagódh an córas trádála iltaobhach agus a mbeadh níos mó caomhnaitheachta agus domhandú ilroinnte mar thoradh air. Le comhaontú, ba cheart reachtaíocht an Aontais atá ann cheana a chosaint agus a chaomhnú agus lena n-áirítear an Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha.

Má thugtar i gcrích iad, ní mór don dá chomhaontú a bheith ina gcomhaontuithe de chuid an Aontais amháin agus bheadh orthu toiliú a fháil ó Pharlaimint na hEorpa sula mbeadh feidhm acu. Beidh comhoiriúnacht na hEagraíochta Domhanda Trádála, caomhnú ár neamhspleáchais rialála féin chomh maith leis an rannchuidiú le trádáil níos inbhuanaithe ina

bpríomhbhreithnithe ag Parlaimint na hEorpa agus an dá chomhaontú á mbreithniú aici. Táimid réidh le gníomhú go tapa maidir le toradh an chruinnithe mullaigh."

**Cúlra**

Casfaidh Uachtarán na Comhairle Eorpaí, Charles Michel, agus Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, Ursula von der Leyen, thar ceann an Aontais, le hUachtarán na Stát Aontaithe, Joe Biden, in Washington DC don 27ú cruinniú mullaigh idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe an 20 Deireadh Fómhair. Tionóladh an cruinniú mullaigh deireanach idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe sa Bhruiséil an 15 Meitheamh 2021. I rún a glacadh i mí Mheán Fómhair, d'iarr an Pharlaimint ar an gCoimisiún a rá le Rialtas na Stát Aontaithe gur cheart comhaontú maidir le mianraí criticiúla a mheas mar cheann de na chéad chéimeanna chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní uile an Aontais maidir le heasaontais trádála atá fós gan réiteach sa chaidreamh idir an tAontas agus SAM.

*Tuilleadh faisnéise:*

*Oifig Mr Bernd Lange (S&D, an Ghearmáin), Cathaoirleach An Coiste um Thrádáil Idirnáisiúnta, ríomhphost: bernd.lange@europarl.europa.eu teil: +32 228 45 555*